**Cruinniú 14: Ionad Fiontraíochta an Mil, Bóthar Ceangail an Bhaile Nua, Droichead Átha**
**An 16 Nollaig 2022**

Fuarthas cur i láthair ó Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú agus na Mí maidir le moladh a d'fhorbair siad mar fhreagra ar Thuairisc agus Plean Feidhmithe Dhroichead Átha. Thacaigh na baill den chuid is mó leis an moladh, go háirithe an coincheap go bhfuil spórt ina chúis le hathraithe i bpobail, agus thug siad faoi deara na dúshláin atá i gceist maidir le maoiniú.

Rinneadh moltaí tríd an Tascfhórsa Dhrugaí agus Alcól Réigiúnaigh an Oirthuaiscirt (NERDATF) ar mhaithe le ceannasaí Rannpháirtíochta Imeaglaithe agus Foréigin bainteach le Drugaí (RIFD), a bheidh lonnaithe i nDroichead Átha, agus ar mhaithe le Tionscnamh Dédhiagnóise atá Pobalbhunaithe.

Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an bhfoghrúpa Póilíneachta agus Drugaí, le hais páirtithe i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, maidir le tionscnamh Comhghníomhaireachta mar Fhreagairt ar Choireacht (JARC) i nDroichead Átha.

Táthar ag súil go ndéanfar an áis Suite Malairt Snáthaide sa Red Door, le hais Feachtas Bruscair atá bainteach le Drugaí, a bheidh faoi cheannasaíocht Tascfhórsa Dhrugaí agus Alcól Réigiúnaigh an Oirthuaiscirt (NERDATF), á leathadh amach i mí Eanáir 2023. Tosóidh Measúnachtaí ar Thionchar Coireachta Phobail ag tús 2023 freisin.

Déanfar cuireadh a thabhairt don Ard-Cheannfort Gerry Roche chun uasdátú a thabhairt ar mhúnla na Foirne Idirghabhála Géarchéime atá ag feidhmiú ar bhonn píolótach i Rannán Luimnigh.

Tá Ask for Angela, feachtas ar cuireadh na bail ar an eolas faoi le linn chur i láthair an Choimisinéara Cúnta Paula Hilman faoi bhráid an Bhoird, á sheoladh inniu an 16 Nollaig agus is comhoibriú atá ann idir An Garda Síochána, Bord Feidhmithe Dhroichead Átha agus roinnt páirtithe pobail amhail Cónaidhm Vintner, Cumann Bialainne, Cónaidhm Tacsaí, Teach Dhroichead Átha agus Ceantair Feabhsaithe Gnó Love Drogheda (BIDS).

Tugadh aitheantas agus fáiltíodh roimh mhaoiniú atá leithdháilte do Ghréasán Tacaíochta d'Andúil Chlainne ag an FSS CHO1 chun diantacaíocht clainne a chur ar fáil i 2023 agus 2024.

Tá Grúpa Teagmhais Chriticiúil, á bhunú, atá faoi cheannaireacht Choiste Seirbhísí Lú um Páistí agus Daoine Óga (CYPSC).

Rachaidh baill den fhoghrúpa Tacaíochta Chlainne, Páistí, Daoine Óga agus Oideachais ag obair arís leis an bhFSS i dtús 2023 maidir le bearnaí i soláthar meabhairshláinte le haghaidh páistí agus daoine óga i limistéar Dhroichead Átha.

Tá Coláiste Pobail Naomh Oilibhéir beagnach réidh le tús a chur le Clár Forfás, atá leagtha amach chun cosc a chur le daoine óga éirí as an scoil sula gcríochnaíonn siad a dTeastas Sóisearaigh.
Tá acmhainní Oifigigh Leasa Oideachais sa bhreis á leithdháileadh ag Córas Tacaíochta Oideachais Tusla chun an clár a thacú.

Rinneadh moladh chun clár deontas beaga a sheachadadh i 2023. Thug baill aiseolas mionsonraithe maidir leis seo chomh maith. Táthar ag súil é seo a leathadh amach i Ráithe 1 2023.

Tugadh faoi deara go bhfuil sraith d'fhíseanna cás-staidéar agus fearais léiritheacha eile á bhforbairt ar mhaithe leis an gcéad Tuairisc phoiblí eile ar Dhul Chun Cinn (le críochnú ag Mí na Nollag 2022) chun cuidiú le beocht a chur leis na tionchair a bhí le gníomhaíochtaí a sheachadadh.

DRÉACHT